Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2019
(OR. en)

14599/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0204(COD)**

JUSTCIV 228
EJUSTICE 154
COMER 151
CODEC 1694

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9622/18 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó thráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil)<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ostair, ón tSeicia, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón Ungáir, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin agus ón Spáinn do mhiontuairiscí COREPER agus na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i ndáil leis na Rialacháin maidir le doiciméid a sheirbheáil agus fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála**

Ar cheann de chuspóirí na Rialachán seo tá digitiú a dhéanamh ar tharchur iarrataí ar sheirbheáil doiciméad agus ar fhianaise a ghlacadh idir na húdaráis inniúla i mBallstáit éagsúla. Chun na críche sin, éilítear leis an dá Rialachán go mbunófaí córas éigeantach leictreonach díláraithe TF. Is díol sásaimh do na sínitheoirí cuspóir an togra ón gCoimisiún agus an téacs comhréitigh ó Uachtaránacht na Fionlainne.

Ní luaitear go sainráite sna Rialacháin ainm réiteach bogearraí ar leith a d'fhéachfadh chuige go seasfadh na Rialacháin an aimsir i dtimpeallacht shíorathraitheach teicneolaíochta. Mar sin féin, chomhaontaigh na Ballstáit agus an Coimisiún go ndéanfar córas e-CODEX a shonrú mar an réiteach bogearraí iomchuí i ngníomhartha cur chun feidhme na Rialachán. Tacaíonn na sínitheoirí leis an rogha sin agus le húsáid e-CODEX le haghaidh malartaithe sonraí den chineál seo.

Agus an méid sin á chur san áireamh, tarraingímid aird ar na conclúidí ón gComhairle maidir le hinbhuanaitheacht e-CODEX (Samhain 2014), inar moladh cúram maidir le rialachas e-CODEX a leagan ar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid an Aontais atá ann cheana féin. Ag meabhrú dóibh freisin Treochlár e-CODEX (Samhain 2016) agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le e-CODEX (Meitheamh 2017), inar iarradh ar an gCoimisiún "le hinbhuanaitheacht e-CODEX a áirithiú, ina soláthrófar na socruithe dlíthiúla agus teicniúla a chuirfidh ar chumas eu-LISA cothabháil agus idir-inoibritheacht e-CODEX a áirithiú", iarrann na sínitheoirí ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le hinbhuanaitheacht e-CODEX a áirithiú, ina soláthrófar na socruithe dlíthiúla agus teicniúla a chuirfidh ar chumas eu-LISA cothabháil agus idir-inoibritheacht e-CODEX a áirithiú. Ba cheart é sin a dhéanamh sula nglacfar gníomhartha cur chun feidhme na Rialachán.

Ina theannta sin, iarraimid ar an gCoimisiún na hacmhainní is gá a chur ar fáil a chuirfeadh ar chumas na heagraíochta sin cothabháil agus idir-inoibritheacht e-CODEX a áirithiú agus plean a thíolacadh maidir leis an togra reachtach is gá le haghaidh cothabháil e-CODEX amach anseo.